

## Snáithe 1 | Sláinte agus Folláine

<b>Toradh Foghlama 1.1:</b>	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar chinntithigh de dhea-shláinte.
<b>Réamhfhoghlaim:</b>	Roimh aghaidh a thabhairt ar Thoradh Foghlama <b>1.1</b> , b'fhéidir go mbeadh ar an scoláire féachaint ar fhoghlaim OSPS na Sraithe Sóisearaí arís maidir le nádúr casta na sláinte agus na folláine. Tá sé tábhachtach freisin an toradh foghlama seo a theagasc ag an am céanna le TF <b>1.2</b> lena chinntiú go dtugtar deis don scoláire an dá ghné den tsláinte atá faoina smacht féin agus gnéithe nach féidir leo a smachtú a bhreith.

### Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Is é aidhm Thoradh Foghlama **1.1** ná comhráite a thosú le daoine óga maidir leis na tosca a dhéanann difear dearfach nó diúltach do shláinte daoine. Tá roinnt tosca atá muid in ann a rialú (Féach TF **1.2**) agus tá roinnt eile 'cinntithe'. I gcás ina bhfuil 'cinntithigh de dhea-shláinte' á bplé, táimid ag díriú ar thosca cosúil leis an áit ina bhfuilimid inár gcónaí, an bhail atá ar ár dtimpeallacht fhisiciúil, ár ngéineolaíocht, ár n inscne, ár dteacht isteach agus ár leibhéal oideachas, ár gcumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte, agus ár gcaidrimh agus ár líonraí sóisialta tacaíochta – a bhfuil tionchar suntasach acu uile ar ár sláinte.

Áirítear ar chinntithigh eacnamaíoch rudaí cosúil le leibhéal ioncain agus tacaíochtaí eacnamaíoch a chuireann an Stát ar fáil. I measc cinntithigh shóisialta na sláinte tá noirm shóisialta, cleachtais chultúrtha, leibhéal oideachais, teaghlach agus líonraí tacaíochta pobail, stádas sóisialta. Áirítear ar chinntithigh fhisiciúla uisce agus aer glan, bailte agus ionaid oibre shláintiúla agus shábháilte, bóithre sábháilte, spásanna glasa agus saoráidí spóirt/fóillíochta. Áirítear ar chinntithigh aonair ar féidir leo difear a dhéanamh don tsláinte aois, géineolaíocht, inscne agus cine/eitneacht.

Príomhtheachtairacht le cur i dtábhacht trí na gníomhaíochtaí foghlama is ea go bhfuil roinnt rudaí a dhéanann difear don tsláinte faoi smacht an duine aonair, ach níl an oiread sin smachta againn ar rudaí eile. Mar shampla, d'fhéadfadh daoine teacht ar an saol le fadhb shláinte nó ceann a fhorbairt nach bhfuil aon smacht acu air. Ar an gcaoi céanna, is beag an smacht atá ag formhór daoine ar an áit a gcónaíonn siad, an ann do shaoráidí fóillíochta áitiúla d'ardchaighdeán, aer glan, srl. Is féidir le leithcheal, steiréitópáil agus claontacht bunaithe ar aois, eitneacht, míchumas, inscne, ioncam, cine, claonadh gnéis, srl. díobháil a dhéanamh do shláinte an duine. Má thuigtear é sin, d'fhéadfadh daoine óga a bheith níos feasaí ar éagothromais sláinte sa tsochaí agus b'fhéidir nach mbeidh siad chomh claonta an milleán a chur orthu féin ná bheith ciontach ná breithiúnas a thabhairt ar dhaoine bunaithe ar a gcúinsí. Ar an lámh eile, thabharfadh sé braistint éifeachtúlachta do dhaoine óga agus chumhachtófaí iad chun cinní maithe a dhéanamh faoina sláinte féin dá sainnithneofaí na tosca is féidir a bhainistiú.

Tá sé tábhachtach teachtaireacht a chur in iúl, cé gur féidir leis a bheith dúshlánach roinnt tosca a dhéanann díobháil don tsláinte a bhainistiú, gur féidir le daoine aonair athruithe dearfacha a dhéanamh i ndáil lena sláinte féin, agus nuair a oibríonn daoine i ngrúpaí chun sláinte phoiblí a fheabhsú. I bhfocail eile, níl cinntithigh shláinte do-athraithe agus níl sláinte aon duine réamhshocráithe.

## Ceisteanna féideartha le hiniúchadh tríd an toradh foghlama seo:

- Céard iad na cinnithigh shláinte agus cén chaoi a ndéanann siad difear dár sláinte choirp agus mheabhrach?
- An bhfuil an tionchar céanna ag na cinnithigh shláinte ar gach duine? Cén fáth?
- Céard is féidir le duine aonair a dhéanamh chun a sláinte féin a fheabhsú? Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach? (Naisc le TF 1.2)
- Cén fáth an bhfuil dea-shláinte phoiblí tábhachtach ar leibhéal na sochaí? Céard is féidir le daoine aonair nó grúpaí a oibríonn le chéile a dhéanamh chun sláinte phoiblí a fheabhsú?

## Ceisteanna féideartha chun fiosrúchán níos doimhne a dhéanamh:

- Déan taighde ar thoisic amháin a chinneann sláinte choirp daoine óga agus breithnigh an chaoi a ndéanann sí difear do dhaoine óga i gcúinsí nó cúlraí éagsúla.
- Déan taighde ar chinntithigh roghanna bia.
- Scrúdaigh taighde ar iompair shláinte daoine óga agus pléigh an chaoi a mbaineann sé sin le roinnt cinnitheach de shláinte daoine a pléadh roimhe seo sa rang.

**Toradh foghlama leantach  
féideartha: TF 1.2**

**Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS  
le haghaidh acmhainní an  
tseomra ranga nasctha le TF 1.1**